2026/1101

26.5.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1101 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Bealtaine 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2389 a mhéid a bhaineann le íosrátaí minicíochta le haghaidh seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar choinsíneachtaí plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a thagann isteach san Aontas

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 54(3), an chéad fhomhír, pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2389 ón gCoimisiún ([2]), bunaítear rialacha maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach rátaí minicíochta le haghaidh seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar choinsíneachtaí plandaí, táirgí plandaí agus réad eile dá dtagraítear in Airteagal 47(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2017/625 a thagann isteach san Aontas agus atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann an chéad teacht isteach san Aontas. Le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin leagtar amach an liosta plandaí, táirgí plandaí agus réad eile atá faoi réir seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ag rátaí minicíochta sonracha.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2389, tá na rátaí minicíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin le modhnú ag féachaint do na critéir a leagtar amach in Airteagal 54(3), pointí (a)(i), (ii), (iv), (v) agus (vi), de Rialachán (AE) 2017/625, maidir leis na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn II agus, i gcás inarb iomchuí, maidir leis an bhfaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin. I gcomhréir le hAirteagal 6(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, na rátaí minicíochta le haghaidh seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile, nó catagóirí díobh, athbhreithneofar iad gach bliain ar a laghad, chun faisnéis nua a bhaileofar trí CBFRO nó a sholáthróidh na Ballstáit a chur san áireamh, agus déanfar iad a mhodhnú dá réir.

(3) Bhunaigh an Coimisiún meitheal a scrúdaigh allmhairiú plandaí, táirgí plandaí agus réad eile dá dtagraítear in Airteagal 47(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2017/625 in 2022, 2023, 2024 agus na chéad mhíonna de 2025. Ar bhonn na gcritéar dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2389, mhol an mheitheal íosrátaí minicíochta na seiceálacha céannachta agus na seiceálacha fisiceacha a mheas sí a bheith iomchuí le haghaidh coinsíneachtaí plandaí áirithe, táirgí plandaí áirithe agus reád áirithe eile ó thríú tíortha tionscnaimh áirithe.

(4) Ar bhonn na dtorthaí a fuarthas tar éis chur i bhfeidhm na gcritéar sin, agus mar gheall ar líon níos ísle idircheaptha coinsíneachtaí dá ndéanann lotnaidí coraintín de chuid an Aontais difear agus líon níos airde coinsíneachtaí a tháinig isteach san Aontas le 3 bliana anuas, ba cheart na híosrátaí minicíochta seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha le haghaidh plandaí áirithe a laghdú chun a áirithiú go gcoinneofar leibhéal iomchuí rialuithe ar bun.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2389 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2022 lena mbunaítear rialacha maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach rátaí minicíochta le haghaidh seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar choinsíneachtaí plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a thagann isteach san Aontas (IO L 316, 8.12.2022, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/2389/oj).

(5) Go háirithe, ba cheart na rátaí sin a laghdú i gcás allmhairiú na bplandaí seo a leanas: bláthanna gearrtha de *Aster* ón tSiombáib, *Dianthus* ón Tuirc, *Gypsophila* ón gCéinia agus *Rosa* ón tSaimbia, torthaí ó *Actinidia* ó gach tríú tír, *Carica papaya* ó gach tríú tír, *Rubus* ó gach tríú tír, *Malus* ó thríú tíortha Eorpacha, *Pyrus* ó thríú tíortha Eorpacha, *Vaccinium* ó thríú tíortha Eorpacha, *Citrus* ó Iosrael cé is moite de *Citrus sinensis*, *Citrus* ón Tuirc, *Malus* ón Afraic Theas, *Mangifera* ón mBrasaíl, *Passiflora* ón Afraic Theas agus ó Vítneam, *Prunus* ón Airgintín, ón tSíle agus ón Tuirc, *Psidium* ón mBrasaíl, *Pyrus* ón Airgintín agus ón tSín, agus *Vaccinium* ón Airgintín agus ón tSíle.

(6) Thairis sin, íosrátaí minicíochta na seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha le haghaidh plandaí áirithe, mar a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2389, ba cheart na rátaí sin a mhéadú chun an líon íosta 600 coinsíneacht plandaí ar a laghad atá le seiceáil i gcaitheamh 3 bliana a bhaint amach de bhun phointe (b) de phointe 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2389. Go háirithe, ba cheart na rátaí sin a mhéadú i gcás allmhairiú na bplandaí seo a leanas: torthaí ó *Prunus* ó thríú tíortha Eorpacha, *Citrus* de thionscnamh Mheicsiceo, agus fréamhacha agus tiúbairíní *Curcuma longa* ó gach tríú tír.

(7) Thairis sin, de thoradh idircheapadh coinsíneachtaí dá ndéanann lotnaidí coraintín de chuid an Aontais difear, íosrátaí minicíochta na seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha arna mbunú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2389, ba cheart na rátaí sin a mhéadú i gcás bláthanna gearrtha de *Gypsophila* ó Eacuadór agus de *Rosa* ón gColóim, torthaí ó *Persea americana* ó gach tríú tír, agus fréamhacha agus tiúbairíní *Zingiber officinale* ó Pheiriú.

(8) Cé gur bunaíodh íosrátaí minicíochta sonracha seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha le haghaidh coinsíneachtaí *Prunus* de thionscnamh na Tuirce roimhe seo, léirítear le sonraí idircheaptha a fuarthas le déanaí nach bhfuil difríocht shuntasach idir an riosca a bhaineann leis na coinsíneachtaí sin agus an riosca a bhaineann le coinsíneachtaí *Prunus* de thionscnamh tríú tíortha Eorpacha eile. Dá bhrí sin, is iomchuí na híosrátaí minicíochta céanna seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha a chur i bhfeidhm le haghaidh coinsíneachtaí *Prunus* ón Tuirc agus a chuirtear i bhfeidhm maidir le coinsíneachtaí *Prunus* ó gach tríú tír Eorpach eile.

(9) Thairis sin, agus ós rud é go raibh an meánlíon coinsíneachtaí a tháinig isteach san Aontas le 3 bliana anuas níos ísle ná na figiúirí a leagtar amach i bpointí (a) agus (b) de phointe 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2389, ba cheart íosrátaí minicíochta na seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha a mhéadú go 100 % i gcás torthaí ó *Citrus* ó na Stáit Aontaithe, agus dá bhrí sin is iomchuí na torthaí sin a bhaint d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 44(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), tá an Coimisiún le ceanglais choibhéiseacha a shocrú, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, arna iarraidh sin do thríú tír ar leith, má dhéanann an tríú tír lena mbaineann, trí bheart sonraithe amháin nó níos mó a chur i bhfeidhm faoina rialú oifigiúil, leibhéal cosanta físeashláintíochta a áirithiú atá coibhéiseach le ceanglais speisialta an Aontais maidir leis na plandaí, na táirgí plandaí agus na réada eile lena mbaineann a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais ó thríú tíortha eile, nó a ngluaiseacht laistigh di, agus má léiríonn an tríú tír lena mbaineann don Choimisiún go mbaintear amach leis na bearta sonraithe an leibhéal céanna cosanta físeashláintíochta agus atá san Aontas.

(11) Leis na rialuithe oifigiúla arna ndéanamh chun a sheiceáil an gcomhlíonann plandaí, táirgí plandaí agus réada eile arna n-allmhairiú na ceanglais a leagtar amach i ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) 2016/2031, léiríodh gur gá agus gurb iomchuí faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh sin, trí rialuithe allmhairiúcháin lena ndírítear go sonrach ar na tráchtearraí sin. Dá bhrí sin, agus an modh á chur i bhfeidhm chun rátaí minicíochta na seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar choinsíneachtaí a chinneadh, maidir leis na plandaí, na táirgí plandaí agus na réada eile sin nó ar chatagóirí díobh, ba cheart meastóireacht a dhéanamh orthu mar aon chatagóir aonair agus níor cheart iad a chomhcheangal le catagóirí eile plandaí, táirgí plandaí ná réad eile. Ba cheart 600 coinsíneacht ar a laghad a bheith sa líon coinsíneachtaí plandaí, táirgí plandaí nó réad eile nó catagóirí díobh sin, a thagann isteach san Aontas, ar a ndearnadh seiceálacha doiciméadacha, seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ina leith sna 3 bliana roimhe sin. Ar an gcúis chéanna, ba cheart an líon coinsíneachtaí plandaí, táirgí plandaí agus réad eile, nó catagóirí díobh, a bhfuarthas amach go raibh siad inmhíolaithe le lotnaidí coraintín de chuid an Aontais a bheith níos lú ná 1 % de líon iomlán choinsíneachtaí na bplandaí, na dtáirgí plandaí agus na réad eile sin, nó catagóirí díobh, arna n-allmhairiú isteach san Aontas.

([3]) Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle (IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj).

(12) Ina theannta sin, is iomchuí an leibhéal muiníne is airde is féidir a bhaint amach maidir le hinghlacthacht riosca fíteashláintíochta na bplandaí, na dtáirgí plandaí nó na réad eile sin, nó catagóirí díobh. Ar an gcúis sin, is gá an líon is airde is féidir coinsíneachtaí plandaí, táirgí plandaí agus réad eile den sórt sin nó catagóirí díobh a chur faoi réir seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha. Dá bhrí sin, ar feadh tréimhse 3 bliana ó dháta chur i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme a bhaineann leis na plandaí, na táirgí plandaí nó na réada eile sin, nó catagóirí díobh, arna ghlacadh de bhun Airteagal 44(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 agus go dtí an 31 Nollaig den tríú bliain as a chéile, ba cheart ráta minicíochta na seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar choinsíneachtaí plandaí, táirgí plandaí nó réad eile den sórt sin, nó catagóirí díobh a bhunú ar 100 %.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2389 a leasú dá réir sin.

(14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2389

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2389 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4(4):

‘4. Ní bheidh feidhm ag na rátaí minicíochta dá dtagraítear i mír 3 maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) plandaí atá le cur;

(b) aon phlanda, táirge planda nó réad eile nó catagóirí díobh atá faoi réir beart dá bhforáiltear i ngníomhartha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 28(1), Airteagal 30(1) agus Airteagal 49(1) de Rialachán (AE) 2016/2031; agus

(c) plandaí, táirgí plandaí nó réada eile nó catagóirí díobh a bhfuil ceanglais choibhéiseacha a bhaineann le tríú tíortha leagtha síos ina leith sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 44(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 go dtí an 31 Nollaig den tríú bliain as a chéile ó dháta chur i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme sin.’;

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1 d’Iarscríbhinn II:

‘1. Féadfar ráta minicíochta nua a bhunú sna cásanna seo a leanas:

(a) is é 200 in aghaidh na bliana ar a laghad an meánlíon coinsíneachtaí plandaí, táirgí plandaí agus réad eile, nó catagóirí díobh a tháinig isteach san Aontas sna 3 bliana roimhe sin;

(b) is é 600 ar a laghad an líon coinsíneachtaí plandaí, táirgí plandaí agus réad eile, nó catagóirí díobh, nó tar éis na tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 4(4), pointe (c), an líon coinsíneachtaí sin atá faoi réir gníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 44(1) de Rialachán (AE) 2016/2031, a thagann isteach san Aontas, a ndearnadh seiceálacha doiciméadacha, seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha orthu sna 3 bliana roimhe sin;

(c) an líon coinsíneachtaí plandaí, táirgí plandaí agus réad eile, nó catagóirí díobh, nó an líon coinsíneachtaí sin atá faoi réir gníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 44(1) de Rialachán (AE) 2016/2031, coinsíneachtaí a bhfuarthas amach go raibh siad inmhíolaithe ag lotnaidí coraintín de chuid an Aontais gach bliain, is lú ná 1 % é de líon iomlán choinsíneachtaí na bplandaí, na dtáirgí plandaí agus na réad eile sin, nó catagóirí díobh, arna allmhairiú isteach san Aontas.’.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Bealtaine 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN I

Rátaí minicíochta seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar choinsíneachtaí de phlandaí áirithe, de tháirgí plandaí áirithe agus de réada áirithe eile, nó catagóirí díobh, dá dtagraítear in Airteagal 4(3)

Planda, táirge plandaí nó réad eile, nó catagóir díobh	Tír thionscnaimh	Íosráta minicíochta na seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha (%)
Bláthanna gearrtha		
Aster	An tSiombáib	75
Dianthus	An Cholóim	3
Dianthus	Eacuadór	10
Dianthus	An Chéinia	5
Dianthus	An Tuirc	10
Gypsophila	Eacuadór	5
Gypsophila	An Chéinia	3
Phoenix	Cósta Ríce	50
Rosa	An Cholóim	5
Rosa	Eacuadór	1
Rosa	An Aetóip	25
Rosa	An Chéinia	25
Rosa	An tSaimbia	75
Torthaí		
Actinidia	Gach tríú tír	5
Carica papaya	Gach tríú tír	5
Fragaria	Gach tríú tír seachas an Éigipt	5
Persea americana	Gach tríú tír seachas Camarún	3
Rubus	Gach tríú tír	3
Vitis	Gach tríú tír	1
Malus	Tríú tíortha Eorpacha ([1])	5
Prunus	Tríú tíortha Eorpacha ([1])	5
Pyrus	Tríú tíortha Eorpacha ([1])	5

Planda, táirge plandaí nó réad eile, nó catagóir díobh	Tír thionscnaimh	Íosráta minicíochta na seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha (%)
Vaccinium	Tríú tíortha Eorpacha ([1])	25
Citreas	An Éigipt	50
Citreas seachas *crann oráistí milse*	Iosrael	5
Citreas	Meicsiceo	50
Citreas	Maracó	5
Citreas	Peiriú	10
Citreas	An Tuirc	3
Malus	An Airgintín	75
Malus	An tSile	5
Malus	An Nua-Shéalainn	15
Malus	An Afraic Theas	10
Mangifera	An Bhrasaíl	50
Passiflora	An Cholóim	5
Passiflora	La Réunion	10
Passiflora	An Afraic Theas	50
Passiflora	Vítneam	10
Prunus	An Airgintín	50
Prunus	An tSile	15
Prunus	An Afraic Theas	10
Psidium	An Bhrasaíl	75
Pyrus	An Airgintín	15
Pyrus	An tSile	15
Pyrus	An tSín	25
Pyrus	An Afraic Theas	10
Vaccinium	An Airgintín	35
Vaccinium	An tSile	10
Vaccinium	Peiriú	5

Planda, táirge plandaí nó réad eile, nó catagóir díobh	Tír thionscnaimh	Íosráta minicíochta na seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha (%)
Glasraí		
Solanum lycopersicum	Na hOileáin Chanáracha	15
Solanum lycopersicum	Maracó	1
Glasraí fréimhe agus tiúbairín, seachas tiúbair *Solanum tuberosum, Curcuma longa* agus *Zingiber officinale*	Gach tríú tír seachas Camarún	5
Fréamhacha agus tiúbairíní *Curcuma longa*	Gach tríú tír seachas an Téalainn, Peiriú agus Camarún	15
Fréamhacha agus tiúbairíní *Zingiber officinale*	Gach tríú tír seachas Peiriú agus Camarún	5
Innealra athláimhe		
Innealra agus feithiclí a úsáideadh chun críoch talmhaíochta nó foraoiseachta	Gach tríú tír	5

([1]) An Albáin, Andóra, an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, na hOileáin Chanáracha, Oileáin Fharó, an tSeoirsia, an Íoslainn, Lichtinstéin, an Mholdóiv, Monacó, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh, an Iorua, an Rúis (na codanna seo a leanas amháin: an Ceantar Cónaidhmeach Lárnach (Tsentralny federalny okrug), an Ceantar Cónaidhmeach Thiar Thuaidh (Severo-Zapadny federalny okrug), an Ceantar Cónaidhmeach Theas (Yuzhny federalny okrug), Ceantar Cónaidhmeach Chugais Thuaidh (Severo-Kavkazsky federalny okrug) agus Ceantar Cónaidhmeach an Volga (Privolzhsky federalny okrug)), San Mairíne, an tSeirbia, an Tuirc, an Úcráin agus an Ríocht Aontaithe

(*) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) de Chreat Windsor (féach Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023, IO L 102, 17.4.2023, lch. 87), i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCreat sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, ní bhaineann tagairtí don Ríocht Aontaithe le Tuaisceart Éireann.'.).